



Imlitir 0057/2014

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na nIar-Bhunscoileanna aitheanta uile agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Feidhmiú ar Chlásal 2.31 de Chomhaontú Bhóthar Haddington - rátaí pá agus liúntais leasaithe do dhaoine a cheaptar chuig gráid áirithe trí iontráil dhíreach

Rátaí Pá agus Liúntais Leasaithe do Ranganna Aosoideachais Féinmhaoinitheacha

Réamhrá:

1. Is í aidhm na hImlitreach seo ná fógra a thabhairt d'údaráis bhainistíochta na n-iar-bhunscoileanna uile, do Phríomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna agus don fhoireann uile a ndéantar difear dóibh, faoi na hathruithe sna rátaí pá do dhaoine a earcaítear chuig na gráid thuasluaite trí iontráil dhíreach mar thoradh ar fheidhmiú Chlásail 2.31 de Chomhaontú Bhóthar Haddington.
2. Baineann Clásal 2.31 le rátaí pá d'iontrálaithe nua agus tá sé d'aidhm aige plé leis an neamhchothroime idir iad siúd a tháinig isteach sa tseirbhís phoiblí i ndiaidh 1 Eanáir 2011 i.e. gráid NRP (Plean Téarnaimh Náisiúnta) d'iontrálaithe nua agus iad siúd a tháinig isteach roimh an dáta sin.

Rátaí Pá Leasaithe:

3. Tá soláthar san fhoráil do rátaí pá leasaithe le hullmhú d'iontrálaithe ar an ngrád céanna.
4. Dá réir sin, leagann an Imlitir seo amach (ag Aguisín 1) na rátaí cumaisc leasaithe in aghaidh na huaire atá le bheith i bhfeidhm do theagascóirí atá ag soláthar ranganna aosoideachais páirtaimseartha féinmhaoinitheacha a leasaíodh roimhe seo faoi Imlitir 54/2011.
5. Tá sé de cheangal ar na fostóirí uile téarmaí na hImlitreach seo agus na rátaí pá leasaithe a chur i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Samhain 2013.
6. Beidh na rátaí pá leasaithe i bhfeidhm don fhoireann uile lena n-áirítear earcaigh nua chuig na gráid ábhartha.
7. Aistarraingítear Imlitir 54/2011.

Asamhlú na foirne reatha chuig na rátaí pá leasaithe seo:

8. Déanfar iontrálaithe nua sna gráid earcaíochta trí iontráil dhíreach seo, a bhí faoi réir ag rátaí pá laghdaithe 2011, a asamhlú chuig na rátaí pá leasaithe le héifeacht ón 1 Samhain 2013.

Earcaíocht / Ceapaithe Nua:

9. Ní mór do gach fógra, fógraíocht agus leabhrán eolais maidir le comórtas as seo amach leanúint de shonrú, do dhaoine ag teacht isteach chuig na gráid earcaíochta seo den chéad uair, go mbeidh pá tosaithe ag an ráta cumaisc ábhartha teagascóra in aghaidh na huaire. Ní mór d'fhógraí agus leabhráin dá leithéid a rá freisin gur féidir an ráta pá a leasú ó am go ham ag teacht le polasaí pá an Rialtais.
10. Níor chóir aon ghealltanas, foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, a thabhairt ag eagrais ar bith de chuid na seirbhíse poiblí, nó ar a shon, d'iarrthóir ar bith gur féidir an ráta pá ábhartha a bheith intráchtá.

Scaipeachán:

11. Déan cinnte, le do thoil, go dtarraingítear aird na foirne ábhartha uile atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.
12. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi <http://www.education.ie>.

Ba chóir fiosrú ar bith maidir leis an Imlitir seo a chur chuig an bhfostóir cuí ar an gcéad dul síos. Má tá fiosrú ag fostóir ar bith maidir leis an Imlitir seo ba chóir dóibh an fiosrú a chur le r-phost amháin chuig an seoladh r-phoist speisialta seo a leanas:

ESR@education.gov.ie

Phil O'Flaherty
Rannóg Breisoideachais
11 Iúil 2014

Philip Crosby
Caidreamh Foirne Seachtraí
11 Iúil 2014

AGUISÍN 1

Teagascóir Leibhéal 1	Leibhéil FETAC 1-4 (Lena n-áirítear cúrsaí de chineál shainchaitheamh aimsire)	€40.57 in aghaidh na huairé
Teagascóir Leibhéal 2	Leibhéal FETAC 5 (Ardeistiméireacht)	€46.42 in aghaidh na huairé
Teagascóir Leibhéal 3	Leibhéal FETAC 6 (Cúrsa gairmiúil nó níos airde)	€52.67 in aghaidh na huairé